V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11263 – EF EXCLUSIVE CARS / FG AUTOMOBIL HOLDING / FG EXCLUSIVE CARS JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 313/04)

1. An 25 Lúnasa 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Emil Frey Exclusive Cars GmbH ('EF Exclusive Cars', an Ghearmáin), ar leis an ngrúpa Emil Frey (an Eilvéis) iad,

— Feser, Graf & Co. Automobil Holding GmbH ('FG Automobil Holding'), a bhaineann leis an ngrúpa Feser Graf (an Ghearmáin don dá chuideachta).

Gheobhaidh EF Exclusive Cars agus FG Automobil Holding rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Feser Graf Exclusive Cars GmbH (an Ghearmáin).

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá EF Exclusive Cars gníomhach i réimse miondíola gluaisteán paisinéirí, miondíol páirteanna spártha trealaimh bhunaidh agus i soláthar seirbhísí deisithe feithiclí sa Ghearmáin,

— Tá FG Automobil Holding gníomhach i réimse miondíola gluaisteán paisinéirí nua agus athláimhe agus feithiclí tráchtála éadroma, miondíol páirteanna spártha trealaimh bhunaidh, agus soláthar seirbhísí deisithe feithiclí sa Ghearmáin.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó Feser Graf Exclusive Cars GmbH:

— Miondíol gluaisteán paisinéirí nua agus athláimhe agus feithiclí tráchtála éadroma, miondíol páirteanna spártha trealaimh bhunaidh, agus soláthar seirbhísí deisithe feithiclí sa Ghearmáin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11263 – EF EXCLUSIVE CARS / FG AUTOMOBIL HOLDING / FG EXCLUSIVE CARS JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.